# Uimhirmheá

| | |
|---|---|
| **Gné den Mhata** | Uimhreas – airíonna uimhris<br>*Naisc Thraschuraclaim – Teanga agus Litearthacht* |
| **Próisis** | **Déanamh Cumarsáide go Matamaiticiúil**<br>• teanga mhatamaiticiúil a thuiscint agus bheith in ann í a úsáid le labhairt ar a gcuid oibre<br>**Réasúnú Matamaiticiúil**<br>• patrúin agus gaolta simplí a aithint agus tuartha a dhéanamh<br>• modh oibre s'acu a mhíniú |
| **Teanga agus Téarmaíocht** | uimhreacha go 99, suimigh, cothromaigh, réidh, corr, cothrom le, níos mó ná, níos lú ná, níos troime, níos éadroime, níos airde, níos ísle, níos mó, níos lú, iolraí, fachtóir, inbhéartach, dealaigh |
| **Áiseanna** | Uirlis Uimhirmheá Mol Mata, peann luaidhe, páipéar, clár bán |

## Cur síos ar an Ghníomhaíocht

### 1 Gníomhaíocht 1

Ar Uirlis Uimhirmheá Mol Mata taispeáin uimhir thargaide le haon suimithe leis an uimhirmheá. Iarr ar na daltaí an uimhir atá ar iarraidh a oibriú amach. Iarr orthu an dóigh ar oibrigh siad an freagra amach a phlé.

### 2 Gníomhaíocht 2

Cruthaíonn daltaí a gcuid uimhirmheánna taobh istigh de 99. Fiosraíonn siad airíonna na n-uimhreacha ar na meánna. Le cuidiú leo é sin a dhéanamh, seans go gcuirfidh an múinteoir ceisteanna cosúil le '*Cad é a tharlaíonn nuair a shuimítear corruimhir le ré-uimhir?*' nó '*Cad é a tharlaíonn nuair a shuimítear dhá chorruimhir le chéile?*'

### 3 Gníomhaíocht 3

Cruthaíonn daltaí a gcuid uimhirmheánna féin. Iarrann siad ar a gcomhscoláire na cosulachtaí atá ag uimhreacha difriúla ar a gcuid meánna a shainaithint. Mar shampla, is iolraithe de 5 iad na huimhreacha uilig.

## Ceisteanna Samplacha

| Ceisteanna Druidte | Ceisteanna Oscailte |
|---|---|
| • Cén uimhir atá ar iarraidh ón taobh seo?<br>• Cén uimhir a shuimíonn muid leis seo le x a dhéanamh?<br>• Cad é mar is féidir linn a sheiceáil gurb í seo an uimhir cheart gan suimiú a úsáid?<br>• Cad é a tharlaíonn don taobh eile seo nuair a ardaíonn / laghdaíonn muid an uimhir ar thaobh amháin? | • Cad chuige a bhfuil sé cothrom nuair a shuimíonn muid an uimhir sin?<br>• Cad chuige nach bhfuil sé cothrom nuair a shuimíonn muid an uimhir sin?<br>• Cad é a fuair tú amach faoi na huimhreacha ar d'uimhirmheá?<br>• Cad chuige ar roghnaigh tú na huimhreacha seo do d'uimhirmheá?<br>• Cad é atá i bpáirt ag na huimhreacha ar uimhirmheá do charad? Cad é mar atá siad difriúil?<br>• Cad é a tharlaíonn nuair a úsáideann tú ______ uimhreacha ar do mheá? Mar shampla, corr / ré- / iolraithe. |

## Difreáil

Socraigh uimhreacha de réir thuiscint na ndaltaí. Maidir le daltaí a bhfuil riachtanais fhoghlama bhreise acu, socraigh am (m.sh., ord na sealaíochta) agus rannpháirtíocht de réir mar is cuí.